2024/2704

16.10.2024

# CINNEADH (AE) 2024/2704 ÓN gCOMHAIRLE

## an 10 Deireadh Fómhair 2024

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 85, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagail 47(1) agus 52(1) de Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] go bhféadfaidh Eurojust comhar a bhunú agus a choinneáil le húdaráis tríú tíortha bunaithe ar straitéis chomhair.

(2) De bhun Airteagal 56(2)(c) de Rialachán (AE) 2018/1727 féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar choinníoll *inter alia* comhaontú idirnáisiúnta a bheith tugtha i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(3) An 1 Márta 2021, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin maidir le comhaontú i ndáil leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an comhaontú').

(4) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontúchun críche go rathúil, ar leibhéal na bhfoirne caibidlíochta, i mí Eanáir 2024. Tar éis do na Ballstáit an téacs a fhormheas ar an leibhéal teicniúil an 22 Márta 2024, tháinig an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin ar a comhaontú deireadh an 10 Aibreán 2024.

(5) Leis an gComhaontú, is féidir sonraí pearsanta a aistriú idir Eurojust agus údaráis inniúla na Boisnia agus na Heirseagaivéine, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(6) Áirithítear leis an gComhaontú go ndéanfar cearta bunúsacha an Aontais a urramú n-iomláine, go háirithe an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa a leagtar síos in Airteagail 7, 8 agus 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, faoi seach. Go háirithe, áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Eurojust faoin gComhaontú a chosaint.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2018/1727 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 20/2024 uaidh an 6 Meán Fómhair 2024.

[1] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin, (IO L 295, lch. 138, 21.11.2018).

(10) Ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(11) I gcomhréir leis na Conarthaí, ba cheart don Choimisiúin síniú an Chomhaontuithe a áirithiú, faoi réir a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin maidir leis an gcomhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine atá inniúil i gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla ('an Comhaontú') a shíniú, thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([2]).

*Airteagal 2*

Áiritheoidh an Coimisiún síniú an Chomhaontaithe, faoi réir a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 10 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PINTÉR S.

([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.